Teifigh ón Úcráin

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi theifigh ón Úcráin atá ag teacht go hÉirinn. An dtuigeann tú na focail seo a leanas a bheidh le cloisteáil sa mhír?

1. Cumann na Croise Deirge _____
2. tairiscint _____
3. tuairiscítear _____
4. lonnú _____
5. lainseáil _____
6. ranganna ióga _____
7. trian _____
8. sealadach _____
9. conradh _____
10. tithe aíochta _____

Féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair. Ceangail na habairtí cuí ar dheis leis na figiúirí cearta ar chlé.

a. 480	1. Líon na seomraí atá faighte ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le cur ar fáil.
b. 90	2. Líon na dtairiscintí, nach mór, atá déanta ag Éireannaigh chun lóistín a chur ar fáil do na teifigh.
c. 20,000	3. Líon na dteifeach atá i mBun Dobhráin.
d. 2,500	4. Líon na dtairiscintí atá déanta chun lóistín a chur ar fáil i gContae an Chláir.

e. 125	5. Líon na dteifeach atá tagtha go hÉirinn go dtí seo.
f. 9,762	6. Líon na nÚcránach i Liatroim.
g. 566	7. Líon na seomraí atá Óstán Chuan Charna ag cur ar fáil.
h. 25	8. Líon na dtairiscintí faighte ó Dhún na nGall.

1	2	3	4	5	6	7	8

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís. Déan cur síos ar ábhar na míre don duine in aice leat.

Ceist 4 '…le trí seachtaine anuas…'

A. Cad is brí leis an bhfrása thuas?

B. Cuir na focail seo thíos, a bhaineann le tréimhsí ama, in abairtí lena mbrí a léiriú:

- le …. anuas
- go ceann
- ar feadh
- faoi cheann

Ceist 5 'Go dtí seo tá beagnach 10,000 teifeach **tagtha** go hÉirinn as an Úcráin ó thosaigh an cogadh'

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal atá i gcló trom thuas?

2. Éist leis an mír arís agus breac síos gach sampla den ghné sin a chloiseann tú inti.

Ceist 6 Pléigh an cheist seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Conas a mhothaíonn tú nuair a fheiceann tú íomhánna de na teifigh ag teitheadh ón Úcráin?
2. Conas a mhothaíonn na teifigh iad féin, dar leat?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1. Cumann na Croise Deirge	The Red Cross Society
2. tairiscint	offer
3. tuairiscítear	it is reported
4. lonnú	to settle
5. lainseáil	launch
6. ranganna ióga	yoga classes
7. trian	a third
8. sealadach	temporary
9. conradh	contract
10. tithe aíochta	guesthouses

Ceist 2

a	b	c	d	e	f	g	h
8	6	2	1	3	5	4	7

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
le trí seachtaine anuas – for the last three weeks

le …. anuas – for the last …
(Tá mé ag obair anseo le bliain anuas – I'm working here for the last year)

go ceann – for
(Ní bheidh sé ag teacht go ceann seachtaine – he won't be here for a week)

ar feadh – for, all the while
(Beidh mé sa bhaile ar feadh míosa – I will be at home for a month)

faoi cheann – by, in, at the end of
(Ní bheidh mé ag obair anseo faoi cheann bliana – I won't be working here in a year's time)

Ceist 5
An aidiacht bhriathartha . Samplaí ón mír:

tagtha x 4
déanta x 3
faighte x 2
tugtha x 1

Ceist 6
Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Go dtí seo tá beagnach 10,000 teifeach tagtha go hÉirinn as an Úcráin ó thosaigh an cogadh. Deir Cumann na Croise Deirge go bhfuil beagnach 20,000 tairiscint déanta ag an bpobal le lóistín a chur ar fáil dóibh.

Ailbhe Ó Monacháin
Taobh amuigh de Chúige Laighean agus de na cathracha móra, is i Loch Garman, i dTiobraid Árann agus i Luimneach atá an líon is mó tairiscintí déanta chuig Cumann na Croise Deirge le lóistín a chur ar fáil do theifigh ón Úcráin. Inniu, bhí os cionn 19,000 tairiscint faighte acu ón tír uilig[1]. Bhí 570 tairiscint faighte as Contae Chiarraí, 566 ó Chontae an Chláir, 485 as Maigh Eo agus 480 ó Dhún na nGall.

Ón Chéadaoin[2] seo caite, tá 125 teifeach ón Úcráin tagtha go Bun Dobhráin i ndeisceart Dhún na nGall. Agus tá Óstán McGettigan's i Leitir Ceanainn ag cur an óstáin uilig ar fáil do theifigh atá ag teacht ón tseachtain seo ar aghaidh.

I Liatroim, deir an grúpa *Leitrim Helps Ukraine* go bhfuil suas le 90 duine tagtha chuig an chontae ón tír sin. Agus i gContae na Gaillimhe, tuairiscítear go bhfuil grúpa ón Úcráin le lonnú in Óstán Chuan Charna, áit a bhfuil cúig sheomra is fiche ar fáil.

Inniu, lainseáil an grúpa *Tech for Good Dublin*, suíomh darb ainm Pryvit.ie a chuideos[3] le pobal na hÚcráine a thiocfas[4] go hÉirinn.

Máirín Murray, Bunaitheoir, www.techforgooddublin.org
Is é *pryvit* an focal fá choinne *hello* sa teanga *Ukrainian* (in Úcráinis). Agus ba mhaith linn seans a thabhairt do chomhlachtaí, do ghrúpaí, cuir fáilte roimh dhaoine (fáilte a chur roimh dhaoine) atá ag teacht go hÉirinn, ag lorg áit shábháilte. Ar an suíomh, is féidir leat fógra a chur suas ar an suíomh agus cheana féin tá fógraí againn mar ranganna lóga, cupán caife saor in aisce, deasca oibre, rudaí mar sin.

Ailbhe Ó Monacháin
Go dtí seo tá 9,762 teifeach tagtha go hÉirinn ó thosaigh an cogadh san Úcráin le trí seachtaine anuas. Léiríonn na figiúirí gur le seachtain anuas a tháinig trian acu sin. Tá lóistín sealadach tugtha do 2,589 ag an Roinn Leanaí, Comhionannais agus Lánpháirtíochta[5]. Le cúpla lá, tá conradh déanta acu maidir le 2,500 seomra in óstáin, tithe aíochta agus tithe príobháideacha.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4.

[1] leagan canúnach de 'uile'
[2] Canúint Uladh atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear séimhiú seachas urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt.
[3] 'a chuideos' = a chuideoidh
[4] 'a thiocfas' = a thiocfaidh
[5] *An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige* an teideal iomlán